Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Tíreolaíocht

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Réamhrá

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d’amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile, etc.

# Roinn 1

**Ceadaigh 20 Ceist @ 3 mharc an ceann = 60 marc**

1. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Pábháil Aolchloiche (ii) Síonchaitheamh Ceimiceach (iii) Sa Bhoireann

2. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Carraigeacha Meiteamorfacha (ii) Bruthcharraigeacha (iii) Carraigeacha Dríodair

3. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Abhantrach (ii) Cumar (iii) Inbhear

4. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Gaotha Fuara (ii) Trádghaotha anoir-aneas (iii) Brú ard

5. 1 @ 3 mharc
2, 4, 5

6. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Ard (ii) Íseal (iii) Afraic

7. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Corraíl shibhialta (ii) Seirbhísí níos fearr (iii) Dlí inimirce

8. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Lagrach (ii) Ghaofar (iii) Iseabair

9. 1 @ 3 mharc
Tionscal nach bhfuil ceangailte le suíomh amháin ar leith.

10A. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Stua farraige (ii) Creimeadh cósta (iii) Gníomhú hiodrálach

10B. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Fiord (ii) hOighearchreimeadh (iii) Sracadh agus scríobchaitheamh

11A. 3 @ 1 mharc an ceann

| X | Y |
|---|---|
| A | 3 |
| **B** | **4** |
| C | 1 |
| D | 2 |

11B. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Fíor (ii) Fíor (iii) Bréagach

12A. 1 @ 3 mharc
Scamaill chiorrais

12B. 1 @ 3 mharc
Aeráid bhóireach

13. 3 @ 1 mharc an ceann

| X | Y |
|---|---|
| A | 2 |
| B | 1 |
| C | **4** |
| D | 3 |

14. 1 @ 3 mharc
1, 3, 5

15. 1 @ 3 mharc
Sráid Scabhat na dTarbh (Bull Alley St)

16. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Bréagach (ii) Fíor (iii) Bréagach

17. 3 @ 1 mharc an ceann

| X | Y |
|---|---|
| A | 3 |
| B | **1** |
| C | 4 |
| D | 2 |

18. 1 @ 3 mharc
An tulra ar chlé

19. 1 @ 3 mharc
Fána chuasach

20. 1 @ 3 mharc
Éiríonn Abhainn na Réine san Eilvéis agus buaileann sí leis an bhfarraige san Ísiltír.

Comhlánaigh **Greille Mharcála an Fhillteáin** ar chlúdach tosaigh an Fhillteáin agus iontráil **Marc Iomlán an Fhillteáin** ar an **gcúinne uachtarach ar dheis den chéad leathanach** de script an iarrthóra, **e.g. F 46**

## Roinn 2

## Ceadaigh Trí Cheist @ 30 marc an ceann

**Ceist 1. DROMCHLA AN DOMHAIN**

**A. Creathanna Talún**

Scrúdaigh an léarscáil thall agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Mínigh cad is brí leis an téarma *eipealár*.

**Míniúchán amháin @ 2 mharc (2 mharc nó 0 marc)**

(ii) Mínigh cén fáth a raibh iarmhairtí an chrith talún níos mó in Christchurch ná mar a bhí in Wellington.

**Míniúchán @ 2 mharc (Ráiteas 1 + Forbairt 1)**

(iii) Déan cur síos ar **dhá** shlí chun an iarmhairt a bhíonn ag creathanna talún a laghdú.

**Dhá chur síos @ 3 mharc an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

(10)

**B. Bolcáin**

(i) Scrúdaigh an léaráid de bholcán thuas agus ainmnigh gach ceann de na páirteanna lipéadaithe **A**, **B**, **C** agus **D**.

**Ceithre pháirt ainmnithe ar 1 mharc an ceann**

**A = Néal luatha, nó dhá ghné bhailí eile** **B = Craos**

**C = Seomra magma** **D = Laibhe, Sreabhadh laibhe**

(ii) Mínigh iarmhairt dhearfach **amháin** agus iarmhairt dhiúltach **amháin** a bhíonn ag bolcáin.

**Iarmhairt dhearfach mínithe ar 3 mharc (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
**Iarmhairt dhiúltach mínithe ar 3 mharc (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

(10)

**C. Aibhneacha**

Ainmnigh gné **amháin** a cruthaíodh ag aibhneacha agus, le cabhair léaráide lipéadaithe, mínigh conas a cruthaíodh í.

(10)

**Gné ainmnithe @ 1 mharc**
**Léaráid lipéadaithe @ 1 mharc**
**Dhá mhíniúchán ar chruthú @ 4 mharc an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

*Is féidir marc forbartha amháin a bhronnadh as faisnéis bhreise atá tugtha ar léaráid agus nach bhfuil sa fhreagra scríofa.*
*Is gá marc forbartha amháin a bhronnadh as próiseas.*

**Ceist 2. AN tATMAISFÉAR CORRACH AGUS GNÍOMHAÍOCHT AN DUINE**

**A. Báisteach**

Déan cur síos agus tabhair míniú, le léaráid lipéadaithe mar chúnamh agat, ar conas a tharlaíonn báisteach rilífe.

**Léaráid lipéadaithe 2 mharc**
**Dhá chur síos / mhíniúchán @ 4 mharc an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
*Is gá míniúchán a bheith tugtha.*
*Is féidir marc forbartha amháin a bhronnadh as faisnéis bhreise atá tugtha ar léaráid agus nach bhfuil sa fhreagra scríofa.*

(10)

**B. Téamh Domhanda**

Scrúdaigh an graf thuas a thaispeánann eolas mar gheall ar meánteochtaí domhanda ó 1881 go dtí 2010 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cé acu tréimhse deich mbliana ina raibh an mheánteocht domhanda ag an leibhéal is ísle?

**Freagra: 1901 – 1910 @ 1 mharc**

(ii) Cad é an mheánteocht domhanda don tréimhse 1991-2000?

**Freagra: 14.26°C @ 1 mharc** *(is gá °C a bheith tugtha)*

(iii) Mínigh **dhá** shlí a gcuireann gníomhaíocht an duine le téamh domhanda.

**Dhá mhíniúchán @ 3 mharc an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

(iv) Déan cur síos ar iarmhairt **amháin** ag an téamh domhanda ar Éirinn.

**Cur síos ar iarmhairt amháin @ 2 mharc (Ráiteas 1 + Forbairt 1)**

(10)

**C. Báisteach Aigéadach**

(i) Mínigh **dhá** iarmhairt ag an mbáisteach aigéadach.

**Dhá mhíniúchán @ 3 mharc an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

(ii) Déan cur síos ar **dhá** shlí chun báisteach aigéadach a laghdú.

**Dhá chur síos @ 2 mharc an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1)**

(10)

**Ceist 3. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA**

Freagair **TRÍ CINN AR BITH** de na ceisteanna **3A**, **3B**, **3C**, **3D**.

**3A. Fillsléibhte**

(i) Agus léaráid lipéadaithe mar chúnamh agat, mínigh conas a chruthaítear fillsléibhte.

**Léaráid lipéadaithe 1 mharc**

**Dhá mhíniúchán @ 4 mharc an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
*Is féidir marc forbartha amháin a bhronnadh as faisnéis bhreise atá tugtha ar léaráid agus nach bhfuil sa fhreagra scríofa.*

(ii) Ainmnigh sliabhraon **amháin** fillsléibhte in Éirinn.

**Sliabhraon amháin ainmnithe ar 1 mharc**

(10)

**3B. Daonra**

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ríomh **X**, an céatadán de dhaonra na Gearmáine atá 65 bliana d'aois nó os a chionn.

**Freagra: 20.8 @ 1 mharc** *(níl % ag teastáil)*

(ii) Déan cur síos ar **dhá** dhúshlán a bheidh le sárú ag an nGearmáin sa todhchaí ag cur san áireamh an céatadán den daonra atá 65 bliana d'aois nó os a chionn.

**Dhá chur síos @ 3 mharc an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

(iii) Mínigh cén fáth a bhfuil an céatadán den daonra san aoisghrúpa 0-14 bliain d'aois i bhfad níos airde sa Bhrasaíl ná mar atá sa Ghearmáin.

**Míniúchán @ 3 mharc (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

(10)

**3C. Ithreacha**

(i) Mínigh an ról i bhfoirmiú ithreacha a bhíonn ag **dhá** cheann ar bith de na tosca seo a leanas:

- Aeráid
- Fásra
- Máthaircharraig
- Miocrorgánaigh.

**Dhá thoisc mínithe @ 4 mharc an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

(ii) Déan cur síos ar shlí **amháin** a bhfuil tábhacht ag baint leis an ithir do dhaoine.
**Cur síos @ 2 mharc (Ráiteas 1 + Forbairt 1)**

(10)

**3D. Plódú Tráchta**

(i) Déan cur síos ar chúis **amháin** a dtarlaíonn plódú tráchta i gcathracha na hÉireann.

**Cur síos amháin @ 2 mharc (Ráiteas 1 + Forbairt 1)**

(ii) Mínigh **dhá** mhodh a d'fhéadfaí a úsáid chun plódú tráchta a laghdú i gcathracha na hÉireann.

**Dhá mhíniúchán ar 4 mharc an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

(10)

**Ceist 4. GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**A. Feirmeoireacht**

Is féidir féachaint ar fheirm mar chóras, le hionchuir, próisis agus aschuir.
Freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas agus tagairt agat d'fheirm mheasctha ar bith a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(i) Ainmnigh **dhá** ionchur feirme.

**Dhá ionchur feirme ainmnithe @ 1 mharc an ceann**

(ii) Déan cur síos ar **dhá** phróiseas a tharlaíonn ar an bhfeirm.

**Cur síos déanta ar dhá phróiseas @ 2 mharc an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1)**

(iii) Ainmnigh **dhá** aschur ó fheirm agus luaigh an úsáid a bhaintear as gach ceann.

**Dhá aschur ainmnithe agus úsáid luaite @ 2 mharc an ceann (Ainm 1 + Ráiteas 1)**

(10)

**B. Turasóireacht**

Agus tagairt agat don eolas sa tábla thuas, mínigh **dhá** chúis a mbeadh an Costa del Sol níos fearr mar shuíomh do laethanta saoire gréine ná mar a bheadh Baile Átha Cliath.

**Dhá chúis mínithe @ 5 mharc an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

(10)

**C. Iascaireacht**

(i) Mínigh **dhá** chúis a ndéantar róshaothrú ar iasc.

**Dhá chúis mínithe @ 3 mharc an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

(ii) Déan cur síos ar **dhá** bheart a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun ró-shaothrú iasc a chosc.

**Cur síos déanta ar dhá bheart @ 2 mharc an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1)**

(10)

**Ceist 5.** **AERFÓTAGRAF AGUS LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

**A.** Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** a thugtar leis an bpáipéar seo.


Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf.
Ar do shracléarscail, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Dhá shráid a bhuaileann le chéile
- Séipéal
- Carrchlós
- Limistéar cónaithe.

(10)

**Ceithre Ghné Taispeánta agus Ainmnithe @ 2 mharc an ceann**

**Cruth agus Treoshuíomh @ 2 mharc (1 + 1)**



**B.** Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh gréasán lonnaíochta tuaithe **amháin** atá le feiceáil ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agus lonnaigh an gréasán seo le tagairtí eangaí sé fhigiúir.

**Gréasán lonnaíochta tuaithe ainmnithe @ 2 mharc**
**Tagairt eangaí @ 2 mharc**

(ii) Mínigh cén fáth ar tháinig an gréasán lonnaíochta seo chun cinn ag an suíomh seo.

**Míniúchán amháin @ 4 mharc (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

(iii) Tomhais an fad i gciliméadair ar feadh an N70 ón áit a dtagann sé isteach sa léarscáil ag V 850 698 go dtí an áit a mbuaileann sé leis an N71 ag V 905 713.

**Fad 5.7 km – 6.0 km @ 4 mharc** *(níl km ag teastáil)*

(12)

**C.** Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Mínigh **dhá** chúis a bhfuil easpa lonnaíochta ó thuaidh ó thuaidhlíne 74, agus fianaise ó léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis á úsáid agat mar thaca le gach cúis.

**Dhá chúis mínithe @ 4 mharc an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Fianaise 1)**

(8)